



ealaí



clog

## An Fiosraitheoir

### Tasc 1:

Cad é an píosa is fearr den scéal seo, dar leat?

### Tasc 2:

Cónaíonn ealaí in Éirinn. Ainmnigh 5 éan eile a chónaíonn in Éirinn.

Gach íomhá agus léaráid © thinkstock.com

8 Clann Lir

Foilseachán de chuid CCEA © 2015

CCEA Rewarding Learning

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Taisce Tuisceana



## Clann Lir

# Clann Lir

Fadó fadó in Éirinn bhí rí ann darbh ainm Lear. Bhí ceathrar páistí aige; Conn, Fionnuala, Fiachra agus Aodh. Nuair a bhí na páistí óg, fuair a mamaí bás. Bhí brón an domhain orthu. Tar éis tamaill, phós Lear bean eile. Aoife ab ainm di. Bhí grá aici do Lear ach bhí fuath aici do na páistí.

Lá amháin, chuaigh na páistí ar thuras le hAoife go dtí loch in aice leo. Bhí plean aici. D'úsáid sí slat draíochta agus rinne sí **ealaí** de na páistí agus iad ag súgradh san uisce. Bheadh orthu 900 bliain a chaitheamh mar ealaí agus ní bheadh deireadh leis an ngeis go dtí go gcloisfidís **clog** ag bualadh. Nuair a chuala Lear cad a rinne Aoife bhí sé an-fheargach léi. Rinne sé éan gránna di agus d'eitil sí ar shiúl.

Bhí na healaí in ann labhairt. Nuair a tháinig Lear chuig an loch bhí iontas air. D'inis siad gach rud dó. Thóg Lear teach cóngarach don loch agus thug sé aire do na healaí. Ach fuair Lear bás cúpla bliain tar éis sin.

Tar éis 900 bliain chuala na healaí clog an tséipéil ag bualadh agus d'athraigh siad ar ais. Ní ealaí a bhí iontu níos mó ach daoine. Bhí siad an-sean agus fuair siad bás go gairid ina dhiaidh sin.



# Ceisteanna

**1. Cérbh é Lear?**
(a) Prionsa
(b) Rí
(c) Eala

**2. Cén fáth a ndearna Aoife ealaí de na páistí?**
(a) Bhí siad dána
(b) Ní raibh grá aici dóibh
(c) Thaitin ealaí go mór léi

**3. Cén sórt duine a bhí in Aoife?**
(a) Duine dána a bhí inti
(b) Duine leisciúil a bhí inti
(c) Duine cainteach a bhí inti

**4. Conas a mhothaigh Lear nuair a chuala sé cad a tharla?**
(a) Bhí áthas air
(b) Bhí sé tinn
(c) Tháinig fearg air

**5. Cad é an focal is fearr a chuireann síos ar an scéal seo?**
(a) Brónach
(b) Áthasach
(c) Spreagúil

**6. Cén fáth a raibh fuath ag Aoife do na páistí, dar leat?**
(a) Chaith siad éadaí deasa
(b) Bhí éad uirthi
(c) Ní raibh siad deas le hAoife